An Ghníomhaireacht Tithíochta
The Housing Agency

## Comhairleoir Sinsearach Soláthair agus Tionscadal (Innealtóir Grád I)

Is comhlacht rialtais í an Ghníomhaireacht Tithíochta atá ag obair leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, le hÚdaráis Áitiúla agus le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) chun tithe agus seirbhísí tithíochta a chur ar fáil.
Is í fís na Gníomhaireachta tógáil pobal inbhuanaithe a chur chun cinn. Cuirimid soláthar tithíochta chun cinn chun freastal ar riachtanais agus éileamh atá ann faoi láthair agus ar riachtanais agus éilimh a bheidh ann amach anseo agus déanaimid é seo trí bheith ina lárionad saineolais ar thithíocht, trí thacú le forbairt beartais tithíochta agus trí chláir éifeachtacha thithíochta a chur i bhfeidhm i gcomhar le heagraíochtaí eile.
Cuirimid réimse leathan seirbhísí ar fáil lena n-áirítear:

- Tacaíocht agus comhairle maidir le soláthar poiblí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara agus tionscadail tógála á sholáthar.
- Tacaíocht agus comhairle theicniúil a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara agus tithe ar ardchaighdeán i bpobail inbhuanaithe á gcur ar fáil
- Modhanna Nua-aimseartha Tógála agus treochtaí eile atá ag teacht chun cinn a chur chun cinn chun freastal ar chlár soláthair tithíochta an rialtais.
- Réadmhaoin a Aimsiú agus a Fháil do Thithíocht Shóisialta
- Comhairle Bheartais
- Cláir Feabhsúcháin: Leasúchán Piríte; an Scéim um Bloic Choincréite Lochtacha; Árasáin Lochtacha
- Seirbhísí Tionscadail Soláthair agus Tithíochta
- Forbairt agus Bainistíocht Talún
- Tacaíocht d'Údaráis Áitiúla
- An Scéim Morgáiste go Cíos
- Taighde agus Anailís
- Seirbhísí Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe
- Frithghealladh Iasachta
- Oiliúint agus Eolas do Chleachtóirí Tithíochta
- Straitéis Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Cúnamh le haghaidh tithíocht inacmhainne a sholáthar

Tá tuilleadh eolais faoin nGníomhaireacht Tithíochta ar fáil ag [www.housingagency.ie.](http://www.housingagency.ie)

Tá iarratais á lorg ag an nGníomhaireacht Tithíochta faoi láthair le folúntas mar Chomhairleoir Sinsearach Soláthair agus Tionscadal -- Innealtóir Grád I -- a líonadh ar bhonn lánaimseartha ar Fhoireann na Timpeallachta Tógtha.
Beidh an Comhairleoir Sinsearach Soláthair agus Tionscadal a cheapfar freagrach as dea-chleachtas i bpróisis soláthair phoiblí a chur chun cinn le húsáid a bhaint as an gCreat um Oibreacha Caipitiúla a Bhainistiú agus bunú na gCreataí, le chéile le cur chun cinn na Modhanna Nua-aimseartha Tógála agus cláir oibre eile a shanntar ar an nGníomhaireacht Tithíochta.

Oibreoidh an Comhairleoir Sinsearach Soláthair agus Tionscadal agus an fhoireann a cheapfar ar an bhFoireann Soláthair in éineacht agus go dlúth leis na foirne teicniúla agus gairmiúla atá mar chuid den fhoireann Tionscadail, go léir laistigh de Stiúrthóireacht na Timpeallachta Tógtha.

Tá an post seo bunaithe inár n-oifigí i mBaile Átha Cliath 2. Tá Beartas Oibre Cumaisc á oibriú ag an nGníomhaireacht Tithíochta.

## Dualgais agus Freagrachtaí

- Freagrach as bainistíocht an Aonaid Soláthair laistigh den Ghníomhaireacht Tithíochta.
- Tacú le húdaráis áitiúla agus Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) le gur féidir leo tithíocht a sholáthar ar bhealaí atá chomh héifeachtach agus is féidir,
  Lena n-áirítear conarthaí agus comhaontuithe iomlána an Chreata um Oibreacha Caipitiúla a Bhainistiú agus próisis soláthair eile le haghaidh tionscadail chaipitiúla a sholáthar.
- Ag obair i gcomhar leis an Rannán Tionscadal, ag bainistiú acmhainní ar fud na rannán ag brath ar éileamh.
- Modhanna Nua-aimseartha Tógála a fhorbairt agus a chur chun cinn chomh maith le tionscnaimh eile chun nuálaíocht fhorbairt tithíochta inbhuanaithe ar ardchaighdeán a thacú.
- Cuidiú le Stiúrthóireacht Feabhsúcháin i bpróisis soláthair i mbunú na gcreataí.
- Comhoibriú le rannáin eile ar fud na Gníomhaireachta Tithíochta, ag cur tacaíocht agus comhairle ar fáil maidir le soláthar seirbhísí agus oibreacha teicniúla tógála.
- Cúnamh agus tacaíocht a chur ar fáil d’Údaráis Áitiúla agus CTCanna agus iad ag forbairt
  treoracha tionscadail
- Tacú le measúnuithe féidearthachta ar láithreáin agus Measúnuithe Caipitil agus iarratais luathchéime ar an DHLGH a chur i gcrích.
- Obair go dlúth le Seirbhís Soláthair an Údaráis Áitiúil agus Oifig an Rialtais
  Soláthar lena chinntiú go mbreathnaítear ar gach deis chun éifeachtúlachtaí a bhaint amach

- Comhairle agus tacaíocht a thabhairt d'údaráis áitiúla agus CTCanna maidir lena bpróisis soláthair oibreacha caipitiúla
- Treoracha, teimpléid agus cáipéisíocht soláthair a fhorbairt maidir le roghanna soláthair tithíochta, próiseas soláthair
- Córais faisnéise bainistíochta chuí a fhorbairt agus cothabháil a dhéanamh orthu, lena n-áirítear
léiriú comhlíonta le riachtanais soláthair agus rialachas
corparáideach
- Comhairle agus tacaíocht maidir le forbairtí measctha (tionacht mheasctha agus ioncam
measctha)
- Príomhtháscairí Feidhmíochta a choinneáil agus a fhorbairt don Aonad Soláthair agus tuarascálacha faoin dul chun cinn a chur ar fáil go rialta
- Foireann ildisciplíneach a bhainistiú, lena n-áirítear tabhairt faoi ról meantóireachta
- Comhoibriú leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta de réir mar is gá maidir le soláthar sa timpeallacht thógtha.
- Caidrimh reatha a bhainistiú agus caidrimh nua a bhunú le páirtithe leasmhara seachtracha
- Comhairle agus treoir theicniúil a chur ar fáil don Stiúrthóir Seirbhísí agus do Phríomhfheidhmeannach
na Gníomhaireachta Tithíochta maidir le próisis agus nósanna imeachta soláthair
- Coinneáil suas le forbairtí nua agus le hathruithe reachtaíochta maidir le soláthar oibreacha caipitiúla agus dul i mbun forbairt ghairmiúil leanúnach ar bhonn gníomhach
- Aon dualgas eile de réir mar a leagtar amach ag an Stiúrthóir Seirbhísí agus an Príomhfheidhmeannach.

## Cáilíochtaí & Riachtanais maidir le Taithí

- Céim leibhéal 8 san Innealtóireacht Shibhialta/Struchtúr / san Ailtireacht / sa tSuirbhéireacht Chainníochta nó a mhacasamhail sin agus taithí ábhartha 10 mbliana in earnáil na tógála.
- Eolas láidir ar Rialacháin agus Treoir Soláthair Phoiblí
- Taithí cuí sa Bhainistíocht Tionscadail
- Is gá scileanna láidre ríomhairí, ach go h-áirithe i MS Office Suite; bheadh eolas éigin ar bhogearraí sceidealaithe, cláreagraithe, agus dearaidh mar bhuntáiste
- Tá láncheadúnas tiomána ag teastáil

## Inniúlachtaí

- **Pleanáil Straitéiseach –** cuireann siad saineolas teicniúil cuí i bhfeidhm ar réimse féidearthachtaí agus déanann siad measúnú iomlán ar na himpleachtaí a bheidh ann ó chinntí agus gníomhartha a dhéantar anois.

- **Bainistíocht Tionscadail -** glacadh le modhanna oibre, córais agus próisis mar is cuí lena chinntiú go mbainfear spriocanna an aonaid amach.
- **Ceannasaíocht –** in ann cumas dhaoine eile a fhorbairt trí shocrú spriocanna, aiseolas, oiliúint agus deiseanna a chruthú le haghaidh tuilleadh forbartha.
- **Scileanna Cumarsáide –** in ann faisnéis a chur ar fáil ar bhealach muiníneach, loighciúil agus áititheach, ó bhéal agus i bhfoirm scríofa.
- **Eolas Speisialtóra –** saineolas ar bhainistíocht tionscadail, ar phróisis soláthair na hearnála poiblí, ar an tógáil agus ar an timpeallacht thógtha mar go mbaineann sí le cúrsaí tithíochta, an phleanáil, rialacháin foirgníochta agus rialú foirgníochta.

## Scála Tuarastail Innealtóra Grád I - Scála Státseirbhíse

**€82,448 - €85,037 - €87,633 - €90,221 - €92,808 - €95,886 – LSI1 €99,389 – LSI2 €102,896**

**Ceapfar iontrálaithe nua ar an gcéad phointe den scála ar aon dul le beartas an rialtais.** D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith infheidhme más státseirbhíseach/seirbhíseach poiblí ar seirbhís tú, go díreach roimh an gceapachán.

## Incháilitheacht chun dul in iomaíocht:

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhfuil incháilitheacht chun dul in iomaíocht ar fáil do shaoránaigh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Áirítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar chuid den LEE chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua. Is féidir le saoránaigh de chuid na hEilvéise faoi chomhaontuithe an AE iarratas a chur isteach. Is gá go mbeadh iarrthóirí mar shaoránaigh de chuid an LEE faoin dáta a bhaineann le tairiscint poist ar bith chun a bheith incháilithe. Ní mór d'iarrthóirí incháilithe bheith i gceann amháin de na catagóirí seo a leanas:

a) Saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Áirítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar chuid den LEE chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
b) Saoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó
c) Saoránach na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis ar shaorghluaiseacht daoine; nó
d) Saoránach neamh-LEE atá mar chéile nó mar leanbh ag saoránach LEE nó saoránach na hEilvéise ag a bhfuil víosa stampa 4; nó
e) Duine dár tugadh cosaint idirnáisiúnta faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó ball teaghlaigh ar bith atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh ag a bhfuil víosa stampa 4; nó
f) Saoránach neamh-AE ag a bhfuil víosa stampa 4 agus atá mar thuismitheoir ag leanbh cleithiúnach atá mar shaoránach de bhallstát LEE nó den Eilvéis agus a chónaíonn ann

**An dáta deiridh a nGlacfar le hIarratais – Dé hAoine 16 Lúnasa 2024 ag 12 meán lae**

## Nós Imeachta an Iarratais

- Ní mór gach cuid den fhoirm iarratais a chomhlánú, ní bhreithneofar iarratais neamhiomlána le haghaidh gearrliostaithe.
- Ba cheart iarratais a chlóscríobh agus a chur isteach i bhformáid PDF chuig recruitment@housingagency.ie.
- Ní ghlacfar le hiarratais i gcúinse ar bith tar éis an dáta deiridh agus na huaire deiridh.
- Dícháileofar iarrthóirí go huathoibríoch má dhéanann siad canbhasáil nó má dhéantar canbhasáil ar a son.
- Ní mór gach eolas a chuireann tú ar fáil a bheith ar an bhfoirm iarratais fhoirmiúil. Níor cheart eolas breise amhail do CV, teistiméireachtaí, agus teastais a chur i gceangal leis an bhfoirm iarratais seo.

Má bhíonn aon cheist agat déan teagmháil leis an gCeann Acmhainní Daonna,
Michael Galvin hr@housingagency.ie

Dá ndéanfadh an duine a mholtar do cheapachán an post a dhiúltú, nó dá n-éireodh siad as an bpost tar éis dóibh é a ghlacadh nó dá dtiocfadh aon fholúntas breise chun cinn, d'fheadfadh an Ghníomhaireacht, faoina rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh do cheapachán bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin.

#BestWorkplaces24
Proud to be one of the Best Workplaces™ in Ireland.
Best Workplaces™ Great Place To Work. IRELAND 2024

Diversity Charter Ireland

Investors in Diversity | BRONZE